

Speisialtóir Tacaíochta san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

SAINCHUNTAS POIST GHINEARÁLTA Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Ginearálta Fostaíochta

PRÓIFÍL IARRTHÓRA AGUS SCÓIP AN PHOIST

Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino (IOM) Speisialtóir Tacaíochta san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) a cheapadh le saineolas ar an bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta agus ar chórais oideachais ghaolmhara, ar chonradh téarma seasta trí bliana. Beifear ag súil leis go dtabharfaidh an t-iarrthóir rathúil tacaíocht do réimse leathan de sheirbhísí teicniúla laistigh den Institiúid agus beidh fíis láidir aige/aici agus féith chruthaitheach ann/inti maidir le deiseanna foghlama le cuidiú teicneolaíochta in IOM. Beidh an duine a cheapfar in ann gníomhú as stuaim féin, tionscnaimh a thabhairt chun críche go paiteanta agus ag an am céanna scileanna réiteach fadhbanna agus siúráil faoi bhrú a léiriú. Beidh scileanna idirphearsanta láidre riachtanach mar aon leis an gcumas fadhb theicniúil a mhíniú do chomhghleacaí nó do mhac léinn agus réiteach na faidhbe sin a rianú i ngnáth-theanga. Is riachtanas poist é an cumas, tacaíocht teicneolaíochta faisnéise (TF) a sholáthar agus deiseanna don fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a aithint, *trí mheán na Gaeilge*. Cabhróidh an ról sin le seachadadh an Bhaitsiléara nua san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge san Institiúid.

Cáilíochtaí & Scileanna Riachtanacha (Na cáilíochtaí agus na scileanna sin, dá n-uireasa, nach mbeadh iarrthóir in ann an jab a dhéanamh. Iarratais nach léiríonn go soiléir go bhfuil na riachtanais sin acu, ní dhéanfar iad a ghearrliostú.):

Le hiarratas a mheas, beidh na nithe seo a leanas **ag teastáil** ó iarratasóirí:

1. Cáilíocht tríú leibhéal sa TF, teicneolaíocht an oideachais nó traenáil agus forbairt.
2. Líofacht sa Ghaeilge, scileanna labhartha agus scríbhneoireachta.
3. Inniúlacht in uirlisí foghlama le cuidiú teicneolaíochta, córais, léibhinn agus gléasanna agus a bhfeidhm do thimpeallacht oideachasúil.
4. Féinifeachtúlacht theicneolaíoch phearsanta.

Tá sé inmhianaithe chomh maith go bhfuil iarratasóirí:

- Inniúil ar chórais bhainistíochta a bhaineann le hábhar ar shuíomhanna gréasáin agus/nó úsáid na meán sóisialta, do chúiseanna oideachasúla.

Ní mór d'iarratasóirí a léiriú go soiléir cén chaoi a sásaíonn siad na réamhriachtanais sin.

Inniúlacht sa Ghaeilge inmhianaithe.

SAINCHUNTAS POIST

Gaol Tuairiscithe

Iarrfar ar an duine a cheapfar na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh, faoi stiúir ghinearálta an Stiúrthóra, TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) & Ríomhfhoghlaim, a dtuairisceoidh sé/sí di agus a mbeidh sé/sí freagrach dó/di as comhlíonadh na ndualgas sin sa chéad dul síos. Is féidir athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an ngaol tuairiscithe, de réir riachtanais sheirbhísí agus forbairtí san Institiúid.

Dualgais agus Freagrachtaí

I measc na ndualgas a áirítear tá na nithe seo a leanas (ach níl na dualgais teoranta dóibh seo):

- Deiseanna a aithint don fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta i ngach cúrsa a chuireann an Institiúid ar fáil, trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla.
- Tacaíocht a thabhairt do bhaill ón bhfoireann acadúil agus ón bhfoireann riaracháin an teicneolaíocht a úsáid go héifeachtach i ngach gné dá gcuid oibre.
- Córais TF a aithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh a chuireann éifeachtúlacht chun cinn i gcleachtais oibre, trasna an champais.
- Cabhrú le cruthú acmhainní ríomhfhoghlama do phobal níos leithne na hInstitiúide, lena n-áirítear tacaíocht do chúrsaí ar líne atá á dtabhairt faoi láthair ag IOM agus a bheidh á dtabhairt san am atá le teacht.
- Obair mar bhall den fhoireann TF, ag cinntiú go ndéantar deileáil le ceisteanna a bhaineann le teicneolaíocht an oideachais ar bhealach tráthúil agus gairmiúil.
- Cabhrú le cothabháil shuíomh idirlín na hInstitiúide agus le láithreach na hInstitiúide sna meáin shóisialta, ar léibhinn shóisialta éagsúla.
- Cabhrú in úsáid léibhinn chumarsáide sheachtracha, mar shampla, bogearraí ríomhirise, do phobal níos leithe IOM.
- Tionscnaimh thraenála a sholáthar agus cabhrú leo a thacaíonn le húsáid na dteicneolaíochtaí oideachais atá ann faoi lathair agus a bheidh ann san am atá le teacht ag páirtithe leasmhara in IOM.
- Cabhrú le hionduchtú TF do bhaill foirne nua agus do mhic léinn nua.

Is foireann bheag agus thiomanta í Roinn TFC agus Ríomhfhoghlama IOM. Tugaimid tacaíocht don réimse iomlán d'uirlisí teicneolaíochta a mbeifí ag súil leo in aon timpeallacht oideachasúil. Tugann an ról seo deis obair mar bhall dílis den fhoireann sin, áit a n-eascaíonn agus a bhféadfadh eascairt gach cineál ceiste a bhaineann leis an teicneolaíocht ar bhonn laethúil. Cé go bhfuil a réimse saineolais féin ag gach ball den fhoireann, oibrímid le chéile chun tacaíocht theicniúil agus FCT a sholáthar do bhaill uile phobal IOM. Déantar na dualgais a bhaineann leis an bpost a rianú go ginearálta faoi na ceanntaidil atá liostaithe ach ní liosta uileghabhálach é an liosta de réimse iomlán na ndualgas. Coinníonn IOM an cead dualgais nua agus dualgais eile san Institiúid a leagan ar bhaill foirne, ag freagairt do riachtanais sheirbhísí, de réir mar is gá, le linn fhad an chonartha fhostaíochta seo.

IARRATAS, PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN AGUS EOLAS GINEARÁLTA EILE.

Modh Roghnúcháin le hAghaidh Molta

Déanfar gearrliostú ar na hiarrthóirí agus bunófar é sin ar cháilíochtaí an iarrthóra, ar oiriúnacht agus ar thaithí oibre iomchuí de réir mar a shonraítear san iarratas. Tá sé de dhualgas ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil gach eolas iomchuí ar an bhfoirm iarratais agus go n-aithníonn siad cén chaoi a sásaíonn siad na sainchritéir iarrthóra.

Déanfar agallaimh os comhair painéal agallaimh nach mbeidh níos lú ná triúr air agus a bheidh comhdhéanta de na daoine is oiriúnaí agus is fearr atá cáilithe chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratasóirí sa disciplín. Is é an Bord Rialaithe a dhéanann gach ceapachán fostaíochta in IOM. Cuirfear moltaí an phainéil agallaimh chun iarrthóirí rathúla a cheapadh do gach post faoi bhráid Bhord Rialaithe IOM chun breithniú agus cinneadh a dhéanamh.

Sa chás nach ndéanann an painéal agallaimh moladh le haghaidh post buan, tá sé de chead ag an Institiúid iarratasóir oiriúnach a cheapadh sa phost ar bhonn téarma seasta, iarratasóir a aithnítear sa phróiseas roghnúcháin.

Is féidir painéal a chruthú ónar féidir ceapacháin bhuana nó ceapacháin théarma seasta don phost seo a dhéanamh le linn thréimhse saoil an phainéil. Tiocfaidh an painéal chun deiridh dhá mhí dhéag tar éis a bhunaithe, is é sin dáta an chéad agallaimh.

Caithfidh iarratasóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a sholáthar ar gach traenáil agus taithí a mhaíonn siad a bheith acu, más gá.

Tréimhse Phromhaidh

Déanfar an ceapachán faoi réir chríochnú sásúil ghnáth-thréimhse phromhaidh sé mhí. Is féidir leis an Institiúid, dá rogha féin, an tréimhse phromhaidh a shíneadh ach ní bheidh an tréimhse phromhaidh níos faide ná dhá mhí dhéag in aon chás. Sínfidh asláithreachtaí i rith na tréimhse phromhaidh fad na tréimhse phromhaidh. Déanfar monatóireacht feidhmíochta/iompair feidhmchlár i rith na tréimhse phromhaidh trí chruinnithe measúnaithe. Beidh sé de chead ag an Institiúid deireadh a chur le conradh i rith na tréimhse phromhaidh. Is é an leagan giorraithe den nós imeachta smachta a bheidh i bhfeidhm d'fhostaithe i rith na tréimhse phromhaidh.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Beidh ar gach iarratasóir rathúil dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabharfar eolas ar leith ar an bpróiseas ag an am cuí. Maidir leis sin, iarratasóirí nach gcloíonn le riachtanais na hInstitiúide, ní bheifear in ann iad a cheapadh.

Tuarastal

Is é an tuarastal reatha ná €32985- €45913.

Íocfar an tuarastal ar bhonn míosúil, ar an Déardaoin dheireanach trí Paypath. Ciallaíonn sé sin nach féidir tuarastal a íoc ach amháin díreach isteach i gcuntas bainc a ainmníonn an fostaí.

Iocfar tuarastail agus pá faoi réir asbhaintí reachtúla, i.e. Cáin Ioncaim (ÍMAT, Íoc mar a Thuillir), Ranníocaíochtaí Aoisliúntais agus Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ASPC).

Iarratais a Dhéanamh

Iarratas trí litir chumhdaigh agus CV amháin (níl foirm iarratais ar leith á cur ar fáil) trí ríomhphost mas féidir chuig careers@mie.ie nó tríd an bpost chuig:

An Oifig Acmhainní Daonna,
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa,
Baile Átha Cliath 9.

Caithfidh iarratais chomhlánaithe a bheith ag an Oifig Acmhainní Daonna faoi 5.00 i.n. ar an Déardaoin, 14 Márta, 2019. Ní ghlacfar le hiarratais dheireanacha.

Ní bheidh an Institiúid freagrach as aon chostais, ina measc, costais thaistil a bheidh ar iarratasóirí a íoc a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Oideachais Marino.